Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Tús Eolais ar Sonraíocht Cheoil na hArdteistiméireachta 2027-2030


Fan ar an eolas!

bit.ly/OideMailingList

EFG 2026-2027

CC BY NC


Ag foghlaim le chéile…



- Féachfaimid ar Shonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta (Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí)
- Cuirfimid lenár dtuiscint ar na Snáitheanna, Modhanna Rannpháirtíochta, agus na Torthaí Foghlama.
- Déanfaimid plé ar na gnéithe pleanála le haghaidh na foghlama, teagaisc, agus measúnaithe éifeachtaigh

Príomhdhoiciméid QR

Oide





Na Dátaí is Tábhachtaí Tráinse 3: Ceol

Oide

Ullmhaigh
2026-2027

- **MF 2026**
  Sonraíocht Cheoil foilsithe
- **Sam 2026**
  Treoirlínte CMB foilsithe
- **Aib 2027**
  Scrúdpháipéir Shamplacha
- **Bea 2027**
  Treoracha Samplacha CMB

5 Bliain
2027-2028

- **MF 2027**
  Cuirtear Tús le Teagasc le haghaidh Fholghlaim na Scoláiríe
- **Ean 2028**
  Coimrí Beo CMB Foilsithe

6 Bliain
2028-2029

- **MF 2028**
  Leanfar le Teagasc le haghaidh Fholghlaim na Scoláirí
- **Téarma 2 2029**
  Taibhiú Ceoil CMB Curtha i gCrích
- **Mei 2029**
  Scrúdú Scríofa CSS

Tacaíocht ó Fhoireann Oide um Cheol 2026 - 2030
Polasaithe agus cáipéisí bainteacha










- ✓ Dréachtsonraíocht Cheol na hArdteistiméireachta
- ✓ Cosán
- ✓ Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa
- ✓ Prótacail ó thaobh Dearadh agus Dearbhú Cáilíochta de
- ✓ Treoir maidir le hintleacht shaorga i Scoileanna
- ✓ Oideachas Ionchuimsitheach do Chách
- ✓ Ráiteas an Chláir Idirbhliana
- ✓ Ráiteas Polasaí Folláine
- ✓ Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann

Níl an liosta seo uileghabhálach.



Tacaíocht ó Fhoireann Oide um Cheol Munlaí Foghlama Gairmiúla

Oide

EFG	Lá dunadh scoile le haghaidh EFG lánlae i bpearsa
Seimineáir Ghréasáin	EFG ar líne ar feadh dhá uair an chloig le linn uaireanta scoile
Ceardlann	EFG ar feadh dhá uair an chloig lasmuigh d'uaireanta scoile i bpearsa
Imeacht Comhoibriú a & b	PFG ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta
Tacaíocht Scoile Leanúnach	Tacaíocht saincheaptha ó Bhliain 2

Tacaíocht ó Fhoireann Oide um Cheol
Bliain i Saol an Mhúinteora Ceoil

2026-2027	MF	DF	Sam	Nol	Ean	Fea	Már	Aib	Bea
Ceardlann 1									
Eispéireas Foghlama Gairmiúil Lá 1									
Comhoibriú 1a									
Seimineáir Gréasáin 1									
Comhoibriú 1b									

2027-2028	MF	DF	Sam	Nol	Ean	Fea	Már	Aib	Bea
Ceardlann 2									
Eispéireas Foghlama Gairmiúil Lá 2									
Comhoibriú 2a									
Seimineáir Gréasáin 2									
Comhoibriú 2b									

2028-2029	MF	DF	Sam	Nol	Ean	Fea	Már	Aib	Bea
Ceardlann 3									
Eispéireas Foghlama Gairmiúil Lá 3									
Comhoibriú 3a									
Seimineáir Gréasáin 3									
Comhoibriú 3b									

2029-2030	MF	DF	Sam	Nol	Ean	Fea	Már	Aib	Bea
Ceardlann 4									
Eispéireas Foghlama Gairmiúil Lá 4									
Comhoibriú 4a									
Seimineáir Gréasáin 4									
Comhoibriú 4b									

Sainaithin na himeachtaí is tábhachtaí a bhíonn ar siúl ó lá go lá, ó bhliain go bliain, i do Rannóg Ceoil



Tacaíocht ó Fhoireann Oide um Cheol
Fócas Foghlama Gairmiúla

Oide


Bliain 1: Tús Eolais ar Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta

Bliain 2: An Fhoghlaim, Teagasc, agus Measúnú sa tsonraíocht a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht sa CMB a spreagadh

Bliain 3: An Fhoghlaim á Cur i bhFeidhm agus Fianaise de á Bailiú


Bliain 4: An tsonraíocht a dhaingniú san Fhoghlaim, Teagasc, agus Measúnú trí próiseas athmhachnaimh

Ag foghlaim le chéile…



- Féachfaimid ar Shonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta (Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí)
- Cuirfimid lenár dtuiscint ar na Snáitheanna, Modhanna Rannpháirtíochta, agus na Torthaí Foghlama.
- Déanfaimid plé ar na gnéithe pleanála le haghaidh na foghlama, teagaisc, agus measúnaithe éifeachtaigh

Forléargas



- Meán Fómhair 2027 – Meitheamh 2029
- 180 uair
- Dhá Shnáithe atá Ceangailte le Chéile
- 27 Torthaí Foghlama
- 3 Mhodh Rannpháirtíochta Chomhtháite
- Measúnú don Teistiúchán

Comhpháirt Mheasúnaithe	Ualú	Leibhéal
CMB an Taibhithe Ceoil	50%	Treoir choitianta. Arna measúnú ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Scrúdú scríofa	50%	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal


Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí i gCeol na hArdteisiméireachta

Oide

Roimh an gCeardlann				I ndiaidh na Ceardlainne		
FÍOR	BRÉAG-ACH	Níl a fhios agam	Réamhchleachtadh	FÍOR	BRÉAG-ACH	Níl a fhios agam
			Tá Snáithe 1 le múineadh sa 5ú bliain agus Snáithe 2 sa 6ú bliain.			
			Tá na Príomhinniúlachtaí comhtháite thar na codanna a bhaineann leis an réasúnaíocht, cuspóirí, torthaí foghlama agus measúnú sa tsonraíocht.			
			Baineadh an teicneolaíocht ón Scrúdúchán Praiticiúil.			
			Cuirtear na próiseas foghlama is teagaisc chun cinn leis na 27 dToradh Foghlama a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna, agus meonta scoláirí de réir a chéile i gcaitheamh an dá bhliain.			
			Tá a rogha ag scoláirí sa Scrúdúchán Praiticiúil idir an taispeántas aonréid agus taispeántas i ngrúpa			
			Ní chaithfidh scoláirí ach 25 uair an chloig ar an gComhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB).			
			I dteannta leis an liosta ceoil atá leagtha amach dóibh, beidh scoláirí páirteach i gceol eile sa seomra ranga, rud a thabharfaidh blaiseadh de stíleanna, cineálacha, agus seánraí ceoil eile dóibh, agus beidh páirteach i gceol atá ag teacht le suimeanna na scoláirí féin			

Teanga in Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí


Oide



Cuir le do thuiscint ar an teanga in Athchóiriú na Sraithe Sinsearaí

- Measc na cártaí
- Cuir cárta thart do gach imreoir
- Léann gach imreoir a chárta cuntais
- In éineacht le Chéile, beartaigh ar an téarma is fear atá ag teacht leis an gcuntas sin.

Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí



Is slat tomhais iad an 8 bprionsabal seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus a sraith shinsearach á dearadh acu.

Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta(2026), lch 2

Déantar measúnú ar chaighdeán ruda éigin le slat tomhais



Roghnaigh 1 phrionsabal amháin agus roinn le do ghrúpa an tslí a bhféadfadh do chleachtas ranga bheith ag teacht leis an bprionsabal sin


Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach

Cuimsítear le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach, gach rud a fhoghlaimíonn na scoláirí laistigh de na hábhair.

Tugtar breac-chuntas faoin teideal 'príomhinniúlachtaí' ar an bhfoghlaim a bhaineann lena n-eispéiris ar fad sa tsraith shinsearach.

Tugtar breac-chuntas ar an bhfoghlaim a tharlaíonn laistigh d'ábhar nó modúl sonrach faoin gceannteideal 'snáitheanna agus torthaí foghlama'

Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta (2026), lch 7



Foghlaim ar feadh an tsaoil

Oide

Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí



Tagann an tuiscint ar scoláirí

Ar an méid atá le déanamh
An tslí chun é sin a dhéanamh
An t-am a theastaíonn gníomhú
An t-am nach dteastaíonn

Tús Eolais: Fios Fátha na Sonraíochta

Oide






- An Cuspóir
- Foghlaim an Scoláire sa tSraith Shinsearach
- Foghlaim sa Ranga Ceoil
- Fianaise ar Fhoghlaim
- Teanga na Foghlama

An Clár Ábhar


An tSraith Shinsearach	2
Réasúnaíocht	4
Aidhmeanna	5
Leanúnachas agus dul chun cinn	6
Foghlaim an scoláire sa tSraith Shinsearach	7
Príomhinniúlachtaí	8
Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama	12
Snáithe 1: Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in lúl	16
Snáithe 2: Ceol i gComhthéacs: San am a caitheadh agus san am i láthair	20
Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire	24
Measúnú	26
Socruithe réasúnta/Ionchuimsithe	30
Aguisín 1: Briathra Gnímh	32
Aguisín 2: Gluais Téarmaí	34

Tús Eolais: Fios Fátha na Sonraíochta

Oide



- An Cuspóir
- Foghlaim an Scoláire sa tSraith Shinsearach
- Foghlaim sa Seomra Ranga Ceoil
- Fianaise ar Fhoghlaim
- Teanga na Foghlama






Bíodh a fhios agat: gineadh an íomhá timpealláin seo le IS.



Sa tSonraoícht: Cuspóir

Oide

- ✓ Aibhsigh na ráitis sa réasúnaíocht seo atá ailínithe le do chreidimh agus luachanna agus tú i do mhúinteoir ceoil (lch 4)
- ✓ Eagraigh na cúig chuspóir de réir a bhfuil á dhéanamh go maith faoi láthair agus de réir an méid a dteastódh a thuilleadh forbartha uathu, b'fhéidir, i do rannóg ceoil (lch 5)
- ✓ Roghnaigh 3-4 phríomhtheachtaireacht is féidir leat a úsáid chun béim a leagan ar an luach atá i roghnú ceoil mar ábhar na Sraithe Sinsearaí (lch 6)


Cuspóir – Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta

Oide

- Aibhsigh na ráitis sa réasúnaíocht seo atá ailínithe le do chreidimh agus luachanna agus tú i do mhúinteoir ceoil (lch 4)
- Eagraigh na cúig chuspóir de réir a bhfuil á dhéanamh go maith faoi láthair agus de réir an méid a dteastódh a thuilleadh forbartha uathu, b'fhéidir, i do rannóg ceoil (lch 5)
- Roghnaigh 3-4 phríomhtheachtaireacht is féidir leat a úsáid chun béim a leagan ar an luach atá i roghnú ceoil mar ábhar na Sraithe Sinsearaí (lch 6)

Réasúnaíocht

Aidhmeanna

Leanúnachas agus dul chun cinn






Oide

Foghlaim an Scoláire sa tSraith Shinsearach

- ✓ Cén phríomhinniúlacht a roghnaigh tú?
- ✓ Sainaithin an tslí ar féidir na 1 – 2 thréith ón bPríomhinniúlacht a roghnaigh tú a chlos i do sheomra ranga Ceoil.









Foghlaim sa Ranga Ceoil


Oide

De réir mar a léann tú trí na torthaí foghlama thíos...

✔ Sainaithin an fhoghlaim a bhfuil tú páirteach ann faoi láthair

♡ Roghnaigh an foghlaim a bhfuil dúil agat ann

? Cad é an fhoghlaim is nua an fhoghlaim i do chomhthéacs í?


Foghlaim i Seomra Ranga an Cheoil – Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta

Oide

De réir mar a léann tú trí na torthaí foghlama thíos ...
Sainaithin an fhoghlaim a bhfuil tú páirteach ann faoi láthair
Roghnaigh an foghlaim a bhfuil dúil agat ann
Cad é an fhoghlaim is nua an fhoghlaim i do chomhthéacs í?

Snáithe: Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl
Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

1.1 Na scileanna taibhithe atá riachtanach chun ceol a chur in iúl go héifeachtach a phlé.
1.2 Réimse de scileanna taibhithe cuí a thaispeáint.
1.3 Líne aonair shéise a chruthú agus a thaibhiú d'uirlisí agus do ghuthanna.
1.4 Tobchumadh chun smaointe gearra ceoil a chruthú.
1.5 Ceol nach bhfuil cur amach acu air a thaibhiú ar a fheiceáil agus trí chluasbhraistint.
1.6 Líne aonair shéise a chruthú agus a thaibhiú i stíl rithime, méadair nó foirme damhsa thraidisiúnta Ghaelaigh áirithe.
1.7 Tionlacan le líne aonair shéise a chumadh agus a thaibhiú.
1.8 Réimse teicnící a thaispeáint, trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach, chun píosa ceoil a chruthú, a chur in eagar, a thaifeadadh agus a chomhroinnt.
1.9 Cleachtadh agus taibhiú de réir fuaimrian taca.
1.10 Éifeachtaí próiseála i gceol beo agus ceol taifeadta a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu trí chluasbhraistint.
1.11 Éifeachtaí próiseála a chur i bhfeidhm ar cheol úrnua nó taifeadtaí agus tionchar na n-éifeachtaí a úsáideadh a mheas.
1.12 Cur síos achomair a dhéanamh ar ról an cheoil a chruthaíonn siad agus a gcuid roghanna cumadóireachta cruthaitheacha a chosaint.
1.13 Céard is cóipcheart ann agus an chúis a bhfuil sé tábhachtach i dtionscal an cheoil a mhíniú.
1.14 Na céimeanna atá riachtanach chun cóipcheart a fháil ar cheol úrnua a leagan amach.

Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl
Cruthú agus Iniúchadh
Taibhiú agus Déanamh Ceoil
Éisteacht, Tabhairt Breithmheasa agus Freagairt
Ceol i gComhthéacs: San am a caitheadh agus san am i láthair

Snáithe: Ceol i gComhthéacs: San am a caitheadh agus san am i láthair
Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

2.1 Éisteacht leis an gceol, breithmheas agus freagra a thabhairt air trí úsáid a bhaint as teanga chuí an cheoil.
2.2 An caidreamh atá idir ceol agus an comhthéacs ina bhfuil sé a fhiosrú.
2.3 Príomhthréithe agus saighnéithe an Cheoil Thraidisiúnta Ghaelaigh a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu.
2.4 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn tionchar ar Cheol Traidisiúnta Gaelach ag cineálacha eile ceoil agus an bealach eile thart.
2.5 Ról agus cuspóir an cheoil i gcineálacha éagsúla meán a shainaithint agus a fhiosrú.
2.6 Píosa gearr ceoil úrnua a léiríonn carachtar, giúmar nó atmaisféar atá oiriúnach le húsáid i gcomhthéacs na meán a chruthú agus a thaibhiú.
2.7 Smaointe ceoil úrnua a chruthú agus a thaibhiú mar fhreagra ar ábhar spreagthaigh.
2.8 Critéir a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun taibhithe beo agus taifeadta a mheas.
2.9 Taighde agus fiosrúchán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ceoil atá ar fáil sa phobal áitiúil.
2.10 Plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil an ceol tar éis cur le himeacht pobail áitiúil ar fhreastail an scoláire air agus/nó inar ghlac siad páirt.
2.11 Tras-scríobh míreanna rithimeacha agus séiseacha, agus réimnithe cordaí, trí chluasbhraistint.
2.12 Cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndearna obair ceoltóirí agus cumadóirí eile eolas do smaointe ceoil an scoláire agus an chaoi a raibh tionchar aici orthu
2.13 Comhoibriú le daoine eile chun sliocht de phíosa ceoil nó d'amhrán atá ann cheana féin a oiriúnú agus a thaibhiú.


oide.ie/ga/ar-bhunscoil/baile/ceol/





Fianaise ar Fhoghlaim

- ✓ Is féidir teacht ar an gcuid “Measúnú” ar lgh 26 – 28 sa tsonraíocht Cheoil.
- ✓ Tar éis duit dul in aithne ar ár sonraíocht inniu, cuimhnigh ar an bhfoghlaim sna codanna atá faoi aibhsiú buí agus gorm agus déan cur síos ar an tslí a mbeidh scoláirí páirteach sa phróiseas sin.


Fianaise ar Fhoghlaim– Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta

Oide

- Fianaise ar Fhoghlaim - chun go bhfios dúinn gur tharla an fhoghlaim.
- Is féidir teacht ar an gcuid “Measúnú” ar lgh 26 – 28 sa tsonraíocht Cheoil.
- Tar éis duit dul in aithne ar ár sonraíocht inniu, cuimhnigh ar an bhfoghlaim sna codanna atá faoi aibhsiú buí agus gorm agus déan cur síos ar an tslí a mbeidh scoláirí páirteach sa phróiseas sin.

Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú do na scoláirí trí churaclam idirdhealaithe, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a bheirtiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais i trí chabhrú leis na scoláirí agus leis na múinteoirí na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim na scoláirí agus soláthróidh siad faisnéis do na múinteoirí agus do na scoláirí atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí na scoláirí agus coimrigh a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

Measúnú don teistiúchán

Tá an measúnú don teistiúchán bunaithe ar an réasúnaíocht, ar chuspóirí agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe mar chuid de Cheol na hArdteistiméireachta: scrúdú scríofa amháin agus comhpháirt mheasúnaithe amháin sa bhreis (CMB), an Taibhiú Ceoil.

Beidh an scrúdú scríofa ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal. Beidh CMB an Taibhithe Ceoil bunaithe ar threoir choitianta ach déanfar é a mheasúnú ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

Déanfar Ceol na hArdteistiméireachta a mheasúnú ag dhá leibhéal, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, sa scrúdú scríofa. Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe ar scoláirí go léireoidh siad foghlaim atá cuí don leibhéal atá roghnaithe acu. Beidh idirdhealú le sonrú sa mheasúnú freisin tríd an ábhar spreagthaigh a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar do na scoláirí atá i mbun an scrúdaithe ag leibhéil dhifriúla.

Comhpháirt Mheasúnaithe	Ualú	Leibhéal
CMB an Taibhithe Ceoil	50%	Treoir choitianta. Arna measúnú ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Scrúdú scríofa	50%	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis: Taibhiú Ceoil

Tugann an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) i gCeol na hArdteistiméireachta freagra direach ar an réasúnaíocht agus ar aidhmeanna an ábhair, is iad sin inniúlachtaí a fhorbairt i scoláirí ionas gur féidir leo cumarsáid éifeachtach a dhéanamh mar cheoltóirí. Spreagann an CMB seo scoláirí chun tuiscint iomlánaíoch ar an méid atá i gceist le bheith i do cheoltóir a fhorbairt.

Éilíonn CMB an Taibhithe Ceoil ar gach scoláire clár a thaibhiú ar uirlis cheoil/lena ngnáth mar a leanas:

- plosaí ceoil/amhráin a roghnaíodh gan srian agus
- plosa ceoil/amhráin órnua agus
- tástáil cheoil neamhullmhaithe.

Éascaíonn dearadh an CMB scoláirí chun réimse leathan foghlama a thaispeáint de réir mar a leagtar amach sna torthaí foghlama ó Snáithe 1, Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl agus Snáithe 2, Ceol i gComhthéacs: San Am a Caitheadh agus san Am i Láthair. Éilíonn sé ar scoláirí a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm i gCeol na hArdteistiméireachta ar bhealaí nach féidir a mheasúnú go héasca le scrúdú scríofa.

Cuirfear treoir mhionsonraithe ar an bpróiseas measúnaithe ar fáil i gcáipéis ar leith, *Treoirlínte chun Tacú le Comhlánú CMB an Taibhithe Ceoil i gCeol na hArdteistiméireachta*.

Gnáthleibhéal

Éileofar ar scoláirí atá ag tabhairt faoin gcúrsa Gnáthleibhéil trí phíosa ceoil/amhráin a thaibhiú san iomlán ar uirlis(í)/lena ngnáth(anna).

- **Dhá** phíosa ceoil a roghnaíodh gan srian/agus
- Píosa ceoil/amhráin órnua **amháin** agus
- tástáil neamhullmhaithe.

Ardleibhéal

Éileofar ar scoláirí atá ag tabhairt faoin gcúrsa Ardleibhéil **cúig** phíosa ceoil/amhráin a thaibhiú san iomlán ar uirlis(í)/lena ngnáth(anna).

- **Ceithre** phíosa ceoil/amhráin a roghnaíodh gan srian/agus
- Píosa ceoil/amhráin órnua **amháin** agus
- tástáil neamhullmhaithe.

Mar chuid den CMB, glacfaidh na **scoláirí uile** páirt i bplé machnamhach leis an scrúdaitheoir, ag léiriú léargas ar a bpróiseas cruthaitheach agus na cinntí ceoil a chuir cruth ar a bpíosa/n-amhráin órnua.

Tá sonraíocht Cheol na hArdteistiméireachta deartha chun neart deiseanna déanta ceoil agus taibhithe comhoibríocha éagsúla a thabhairt do scoláirí. Tugann an CMB seo rogha do scoláirí cé acu a bpíosa/n-amhráin féin a thaibhiú (iad siúd a roghnaíodh gan srian agus cinn a chum siad féin) ina n-aonar nó mar bhall de ghrúpa. Nuair a chuireann scoláire a bpíosa/n-amhráin i láthair mar bhall de ghrúpa, déanfar iad a scrúdú agus a mheasúnú de réir an mhéid a chuireann siad le taibhiú an ghrúpa.

Is féidir taibhiú aonnéadach agus grúpa a mheascadh gan srian. Is féidir píosaí ceoil/amhráin a thaibhiú beo ar uirlisí éagsúla ceoil nó trí mheascán den ghuth agus uirlisí, nó le tacaíocht chuí ó theicneolaíocht dhigiteach.

Don tástáil neamhullmhaithe, déanfaidh scoláirí rogha idir cuimhne chluaise (rithimeach nó séiseach), amharcléamh (uirlise/guthа/rithimeach) nó tobchumadh. Beidh na tástálacha cluaschuimhne agus amharcléimh ocht mbarra ar fad. I gcás an tobchumtha, beidh ar na scoláirí a thugann faoin gcúrsa Gnáthleibhéil tobchumadh a dhéanamh ar feadh fad d'ocht mbarra ar a laghad, agus beidh ar scoláirí a thugann faoin gcúrsa Ardleibhéil tobchumadh a dhéanamh ar feadh fad de 16 bharra ar a laghad.

Cuireann an CMB deiseanna praiticiúla dúnta ceoil ar fáil do na scoláirí chun beocht a chur leis an bpríomhfhoghlaim ábhair tríd an taibhiú acu. Tá CMB an Taibhithe Ceoil beartaithe le bheith comhtháite i dteagasc agus foghlaim rialta an tseomra ranga. Tá sé deartha le bheith spreagthach agus taitneamhach do scoláirí agus deiseanna a thabhairt dóibh chun réimsí agus stíleanna ceoil a bhfuil spéis acu iontu a fhiosrú.

Tugann an chomhpháirt mheasúnaithe deis do scoláirí na príomhinniúlachtaí atá forbartha acu a chur i bhfeidhm trí aghaidh a thabhairt ar Cheol na hArdteistiméireachta, amhail a bheith cruthaitheach, cumarsáid a dhéanamh, foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú, smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna agus oibriú le daoine eile go háirithe. Spreagtar na scoláirí chun domhan dinimiciúil agus cruthaitheach an cheoil a fhiosrú. Tacaíonn an CMB le scoláirí chun ábharthacht an cheoil dá saol agus dá scoil, dá bpobal agus dá sochaí a shainaithint. Is féidir leis aird a tharraingt ar chonairí gairme sa cheol agus sna healaíona níos ginearálta amach anseo.

oide.ie/ga/tar-bhunscoil/baile/ceol/






Aiseolas: Cuspóir

- ✓ Aibhsigh na ráitis sa réasúnaíocht seo atá ailínithe le do chreidimh agus luachanna agus tú i do mhúinteoir ceoil (lgh 3-4)
- ✓ Eagraigh na cúig chuspóir de réir a bhfuil á dhéanamh go maith faoi láthair agus de réir an méid a dteastódh a thuilleadh forbartha uathu, b'fhéidir, i do rannóg ceoil
- ✓ Roghnaigh 3-4 phríomhtheachtaireacht is féidir leat a úsáid chun béim a leagan ar an luach atá i roghnú ceoil mar ábhar na Sraithe Sinsearaí (lgh 6-7)

Roinn na nithe is tábhachtaí a thabharfaidh tú leat lena n-úsáid i do rannóg






Aiseolas: Fianaise a Thabhairt ar an bhFoghlaim

- ✓ Cuimhnigh ar na codanna aibhsithe ar lgh 29-35
- ✓ Maidir le léiriú na foghlama, conas a d'fhéadfadh scoláirí a bheith rannpháirteach sa phróiseas sin i do rang Ceoil?

Roinn aon straitéis amháin a bhí san áireamh le léiriú na foghlama



Foghlaim an Scoláire sa tSraith Shinsearach

Oide

Go praiticiúil, is iad na scoláirí a fhorbraíonn príomhinniúlachtaí ar scoil trí na hoideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí, agus an timpeallacht a fhorbraíonn siad ina seomraí ranga agus laistigh dá scoil.

Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta (2026), lch 9

Seasaigí!

Na Príomhinniúlachtaí a Spreagadh





Trí ghlao agus freagairt,

can na cora cainte siúd

Fuaimeanna ár Sonraíochta



I do ghrúpa, leanaigí oraibh le do mhóitíf 2 bharra i seicheamh íslitheach




Cur leis an Scór





Coinséartó Pianó uimh. 21, Gluais. I, athfhoilsiú bb. 328-339


9’29” – 9’ 49”



Na Príomhinniúlachtaí a Spreagadh



Cad iad na Príomhinniúlachtaí, ó lch. 10-11 an tsonraíochta, a músclaíodh le linn an eispéiris foghlama seo?




Foghlaim an Scoláire sa tSraith Shinsearach


Tá na príomhinniúlachtaí comhtháite ar fud na réasúnaíochta, na n-aidhmeanna, na dtorthaí foghlama agus ar fud ranna measúnaithe na sonraíochtaí.

Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta(2026) lch 9

Bain úsáid as an mata boird chun a rangú cad iad na príomhinniúlachtaí atá comhtháite thar an tsonraíocht Cheoil nua




Ag foghlaim le chéile…




- Féachfaimid ar Shonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta (Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí)
- Cuirfimid lenár dtuiscint ar na Snáitheanna, Modhanna Rannpháirtíochta, agus na Torthaí Foghlama.
- Déanfaimid plé ar na gnéithe pleanála le haghaidh na foghlama, teagaisc, agus measúnaithe éifeachtaigh

Teagasc le haghaidh Fhoghlaim na Scoláirí



- Scoláire-lárnaithe
- Spás sábháilte
- Is foinse shaibhir iniúchta é an ceol lena n-éistear sa seomra ranga
- Leagann sé béim ar eispéiris phraiticiúla déanta ceoil
- Sóisialú na foghlama
- Foghlaim do chách


Scileanna Cluasfheasachta agus Scileanna Éisteachta Léirmheastacha



Cad iad na breathnuithe is féidir linn a dhéanamh faoin bhfrása seo a fuarthas ón bhfonn?

0'00" – 1' 08"

Le Cruthú, Triail




In bhur bpéirí, pléigí conas a déanfadh sibh an mhórghléas coibhneasta a mhodhnú.



Fás an Mhuinín agus an Spreagadh

Amharc-chan an fonn agus cuimhnigh ar na scileanna taibhithe a bheidh ag teastáil chun an ceol sin a chur in iúl go héifeachtach







2'40" – 3' 40"

Modhanna Rannpháirtíochta Chomhtháite

Oide




…cuireann siad tuiscint níos doimhne chun cinn agus tugann siad deiseanna do scoláirí chun an chaoi le bheith ina gceoltóirí a fhoghlaim agus iad féin mar cheoltóirí a réadú.



Teagasc le haghaidh Fhoghlaim na Scoláirí

Oide



Cuimhnigh ar na trí theachtaireacht ón gcuid, *Teagasc le haghaidh Fhoghlaim na Scoláirí*, sa tsonraíocht.




Bain úsáid as na modhanna rannpháirtíochta ar lch. 13 – 14 agus déan cur síos go mion ar an bhfoghlaim a mbeidh scoláirí rannpháirteach ann chun na teachtaireachtaí sin a chur i bhfeidhm mar cheoltóirí i nDomhan seo ár linne.




Dhá Shnáithe atá Ceangailte le Chéile


Oide



Tá an fhoghlaim ón dá shnáithe

comhthreisithe.





Dhá Shnáithe atá Ceangailte le Chéile

Oide



Snáitheanna atá ceangailte le chéile

Oide

Pléigh an tslí a **bhféadfadh** sibh tacú le bhur scoláirí a bheith rannpháirteach san fhoghlaim idirnasctha i do sheomra Ceoil

Snáithe 1: Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl

Forbraíonn scoláirí a nguth cruthaitheach agus réadaíonn siad iad féin mar cheoltóirí sa snáithe seo. Déanann na scoláirí é sin trí smaointe ceoil úrnua a fhiosrú, a fhorbairt agus a léiriú i stíleanna ceoil éagsúla. Fiosraíonn agus léiríonn scoláirí a gcuid cruthaitheachta agus samhlaíochta ceoil i gcomhthéacsanna aonair agus grúpa araon. Forbraíonn siad réimse scileanna cluaise, anailísíochta, teicniúla, digiteacha agus nodaireachta de réir mar a fhoghlaimíonn siad lena gcuid smaointe ceoil a chur le chéile, a eagrú agus cruth a chur orthu mar fhreagra ar spreagthaigh agus comhthéacsanna taibhithe éagsúla. Is éard atá i gceist le smaointe ceoil a chruthú ná gnéithe ceoil a fhiosrú agus a iniúchadh lena n-áirítear: buille, fad, luas, tuinairde, dinimic, tondath, téagar, struchtúr, stíl, tonúlacht agus ionstraimiú.[3]

Feidhmíonn ceol dualgais agus neamhdhualgais mar fhoinse shaibhir d'ábhar spreagthaigh óna bhfiosraíonn, roghnaíonn, oiriúnaíonn agus ionchorpraíonn scoláirí gléasanna cumadóireachta agus uirlise, ina gcuid oibre féin. Foghlaimíonn na scoláirí lena gcuid smaointe ceoil a dhréachtú, a athdhréachtú agus a chur in eagar.

Taibhíonn na scoláirí a gcuid smaointe le huirlisí, guthanna, foinsí fuaime, teicneolaíocht dhigiteach nó meascán díobh siúd nuair atá a gcuid smaointe ceoil á gcruthú. Nuair a fhoghlaimítear ar an dóigh sin, forbraítear feasacht chluaise agus cinntítear go mbíonn an próiseas cruthaitheach tarraingteach, fiúntach agus barántúil do na scoláirí ar fad.

Sa snáithe seo, foghlaimíonn na scoláirí faoi chleachtais eiticiúla agus threagracha sa cheol. Foghlaimíonn na scoláirí le luach a chur lena gcuid ceoil agus le ceol daoine eile agus é a chosaint, le linn dóibh a bheith ag cruthú, ag taibhiú nó ag roinnt ceoil.

Éiríonn litearthacht cheoil agus liteartha dhigiteach na scoláirí níos sofaisticiúla i gcaitheamh a gcuid foghlama. Úsáideann na scoláirí teanga cheoil agus cleachtais nodaireachta chuí chun a gcuid smaointe a dhoiciméadú, a chur in iúl agus cur síos a dhéanamh orthu. Déanann scoláirí cinntí níos eolaí agus níos tomhaiste maidir lena dtreo cruthaitheach, ag cosaint agus ag cur a gcuid roghanna cumadóireachta in iúl le muinín a bhíonn ag ardú.

Táthar ag súil le go mbeidh scoláirí a thugann faoin gcúrsa Gnáthleibhéil in ann ceol a chruthú i ngléaschomharthaí suas le dhá ghéar agus dhá mhaol i mórghléasanna agus míonghléasanna araon. Táthar ag súil le go mbeidh scoláirí a thugann faoin gcúrsa Ardleibhéil in ann ceol a chruthú i ngléaschomharthaí suas le ceithre ghéar agus ceithre mhaol i mórghléasanna agus míonghléasanna araon. Ba cheart go spreagfaí scoláirí a thugann faoin gcúrsa Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil araon chun ceol a leathnaíonn thar na paraiméadair sin, nuair is cuí, a chruthú, a iniúchadh, a thaibhiú, éisteacht leis agus breithmheas agus freagra a thabhairt air. Anuas air sin, beifear ag súil le go dtabharfaidh gach scoláire aghaidh ar an gceol dualgais ar fad, lena n-áirítear ceol a leathnaíonn thar na paraiméadair sin.

[3] Níl na gnéithe seo saintreorach ná uileghabhálach, ná níl siad mar chuid de sheicliosta.

Snáithe 2: Ceol i gComhthéacs: San am a caitheadh agus san am i láthair

Sa snáithe seo, forbraíonn scoláirí tuiscint ar na príomhghnéithe agus na tionchair chomhthéacsúla ar réimse leathan de stíleanna ceoil. Cabhraíonn an tuiscint sin le cruth a chur ar chumas na scoláirí chun ceol a chruthú, a thaibhiú, mar aon le breithmheas agus freagra a thabhairt air ar bhealach fiúntach.

Déanann scoláirí iniúchadh ar an gceol a bhaineann le mothúcháin, mothú, amanna, áiteanna agus grúpaí sóisialta. Comhroinneann agus pléann na scoláirí samplaí ceoil a chuala siad sa bhaile, ar scoil agus sa phobal i gcoitinne. Forbraíonn siad tuiscint ar ghnéithe stairiúla, pearsanta, polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha an cheoil agus faigheann siad léargais ar chuspóir, rún agus tionchar an cheoil ar fud comhthéacsanna agus timpeallachtaí éagsúla.

Tá sé mar aidhm ag an snáithe seo an fhiosracht, taitneamhacht agus pléisiúr a bhaineann le taibhiú an cheoil, éisteacht leis agus aghaidh a thabhairt air a chothú. Tugann na scoláirí aghaidh ar cheol ó chomhthéacsanna stairiúla agus comhaimseartha araon. Tugann siad breithmheas agus freagra ar an gceol, agus éisteann siad leis, ó líosta ceoil dualgais, chomh maith le ceol neamhdhualgais arna roghnú go comhoibríoch ag scoláirí agus múinteoirí. Cuirfidh an líosta ceoil dualgais scoláirí ar an eolas faoi cheol ó réimse leathan de stíleanna, cineálacha agus seánraí ceoil. Anuas ar an líosta ceoil dualgais, tabharfaidh scoláirí aghaidh ar cheol eile sa seomra ranga a thabharfaidh blaiseadh de stíleanna, cineálacha agus seánraí ceoil breise do scoláirí, agus blaiseadh de cheol a léiríonn réimsí spéise na scoláirí féin. Éisteann scoláirí le ceol agus tugann siad breithmheas agus freagra ar an gceol a n-éisteann siad leis; roghnaíonn agus taibhíonn siad sleachta gearra ón gceol sin; agus úsáideann siad an ceol sin mar ábhar spreagthaigh i dtascanna cruthaitheacha a leagtar amach i dtorthaí foghlama sa snáithe seo agus i Snáithe 1: Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl chomh maith.

Ba cheart go dtosódh rannpháirtíocht leis an repertoire ceoil trí chluasbhraistint. Forbraíonn scoláirí tuiscint níos doimhne agus níos iomasaí ar repertoire ceoil trí dhíriú ar an éisteacht chriticiúil, inmheánú fuaimeanna, struchtúir agus patrúin, ag foghlaim leis an méid a chloiseann siad a thaibhiú, a iniúchadh agus aithris a dhéanamh air. Déanfaidh na scoláirí fiosrúchán, iniúchadh agus comparáid ar an gcaoi a gcuirtear gnéithe stíleacha, eilimintí ceoil, agus teicnící cumadóireachta, uirlise agus gutha i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla chun críocha difriúla ar fud stíleanna éagsúla ceoil. Ceapann na scoláirí freagraí trí úsáid a bhaint as teanga chuí an cheoil de réir mar a fhoghlaimíonn siad an chaoi le breithmheas agus freagra a thabhairt ar an gceol.


Sa snáithe seo, déanann na scoláirí critic ar thaibhithe beo agus taifeadta araon agus baineann siad úsáid as an méid atá foghlamtha acu chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid cleachtas ceoil mar aon le feabhas a chur orthu agus eolas a dhéanamh dóibh. Táthar ag súil le go bhfreastalódh scoláirí a thugann faoi Cheol na hArdteistiméireachta ar thaibhiú ceoil beo amháin ar a laghad[5] mar ghrúpa ranga le linn an staidéir a dhéanann siad ar an ábhar.

[5] Is féidir an taibhiú ceoil beo a bheith ina thaibhiú áitiúil nó náisiúnta de réir mar a mheastar a bheith cuí.

Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta Ich 16 agus Ich 20

oide.ie/ga/iar-bhunscoil/baile/ceol/

I bhfochair a chéile in bhur ghrúpa, pléigh an tslí a bhféadfadh sibh tacú le bhur scoláirí a bheith rannpháirteach san fhoghlaim idirnasctha i do sheomra Ceoil



Ceol i gComhthéacs agus Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl



“This is a tune I composed a few years ago as a birthday present for my godson, Soren. Soren is a Viking name meaning ‘God of War’ and I named this tune ‘To War’ or ‘Chun Cogaidh’. It’s a command given to those who are left with no other option other than to fight. I wanted to play a descriptive piece on the concertina relating to the intensity of battle and to explore the use of drones and the breath and buttons as percussion to the tune. These latter sounds in particular remind me of medieval battle”. Begley (2022)


To War / Chun Cogaidh



Agus tú ag éisteacht leis, cuimhnigh ar an tslí a léirítear an gaol idir ceol agus a chomhthéacs anseo.

An Fhoghlaim a Chur Chun Cinn

Oide



Cad air a raibh an fhoghlaim sa 2 eispéireas sin?

1'08" – 1' 28"


An Fhoghlaim a nascadh

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

2.2 An caidreamh atá idir ceol agus an comhthéacs ina bhfuil sé a fhiosrú.

1.5 Ceol nach bhfuil cur amach acu air a thaibhiú ar a fheiceáil agus trí chluasbhraistint.

Faigh an dá thoradh foghlama, ceann ó gach snáithe, a chuir bonn eolais faoi na héispeiris foghlama sin




Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas…

Oide

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:
An caidreamh atá idir ceol agus an comhthéacs ina bhfuil sé, lena n-áirítear: • comhthéacsanna stairiúla, pearsanta, polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha, de réir mar is cuí • gnéithe stíleacha den cheol • stíleanna a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumadóirí / chóiritheoirí / thaibheoirí	**2.2** An caidreamh atá idir ceol agus an comhthéacs ina bhfuil sé a fhiosrú.

Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn na scoláirí. Cuirfear níos mó sonraí ar fáil sa cholún seo agus déanfar scafláil ar thuiscint ar na torthaí foghlama gan ró-mhionsonrú a dhéanamh.



Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas…

Oide

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:

An caidreamh atá idir ceol agus an comhthéacs ina bhfuil sé, lena n-áirítear:

- comhthéacsanna stairiúla, pearsanta, polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha, de réir mar is cuí
- gnéithe stíleacha den cheol
- stíleanna a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumadóirí / chóiritheoirí / thaibheoirí


An chaoi le míreanna rithimeacha, séiseacha agus armónacha agus patrúin chorda nach bhfuil cur amach acu orthu a thaibhiú:

- in amchomharthaí simplí agus comhshuite
- i mórghléasanna agus i mionghléasanna
- le teicnící taibhithe agus léiritheacha

2.2 An caidreamh atá idir ceol agus an comhthéacs ina bhfuil sé a fhiosrú.

1.5 Ceol nach bhfuil cur amach acu air a thaibhiú ar a fheiceáil agus trí chluasbhraistint.

Cad é an fhoghlaim a bheidh scoláirí páirteach ann chun tacú lena dtuiscint ar an dá thoradh foghlama?





Foghlaim sa Seomra Ranga Ceoil

Gníomhú as d'Aiseolas

Cuimhnigh ar d'fhreagraí ar na Torthaí Foghlama níos luaithe

- ✔ Sainaithin an fhoghlaim a bhfuil tú páirteach ann faoi láthair
- ♡ Roghnaigh an foghlaim a bhfuil dúil agat ann
- ? Cad é an fhoghlaim is nua an fhoghlaim i do chomhthéacs í?




Foghlaim sa Seomra Ranga Ceoil

Gníomhú as d'Aiseolas

Cuimhnigh ar d'fhreagraí ar na Torthaí Foghlama níos luaithe


- Conas a d'fhéadfaí Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí a spreagadh mar gheall air an bhfoghlaim sin?
- Cad é an t-eispéaras a d'fhéadfadh a bheith ag na scoláirí ar an bhfoghlaim sin?
- Cén réimse foghlama, más ann dó, ina dteastaíonn uasoiliúint uait?

Ag foghlaim le chéile…



- Féachfaimid ar Shonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta (Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí)
- Cuirfimid lenár dtuiscint ar na Snáitheanna, Modhanna Rannpháirtíochta, agus na Torthaí Foghlama.
- Déanfaimid plé ar na gnéithe pleanála le haghaidh na foghlama, teagaisc, agus measúnaithe éifeachtaigh

Ceoil a Fhiosrú agus a Léiriú le Chéile



I do ghrúpa,

cum tionlacan leis

an tséis seo

Grúpa 1: Tionlacan Rithimeach

Grúpa 2: Tionlacan Séiseach

Grúpa 3: Tionlacan Armónach (dordlíne)

Cén fhoghlaim a bhí i gcroílár an eispéiris sin?

Oide

‘Cuirtear tús le ***Torthaí Foghlama*** le briathra gnímh agus déantar cur síos ar an bhfoghlaim inmhianaithe iontu .i. an méid a bheidh ar eolas ag an bhfoghlaimeoir, an méid a thuigfidh sé agus an méid a bheidh ar a chumas a dhéanamh i ndiaidh tréimhse Foghlama’

1.7 Tionlacan le líne aonair-shéise a chruthú agus a thaibhi.

Na Compháirteanna atá sa Toradh Foghlama

Oide

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:

1.8 Réimse teicnící a thaispeáint, trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach, chun píosa ceoil a chruthú, a chur in eagar, a thaifeadadh agus a chomhroinnt.

Briathar Gnímh
An Gníomhú

... a chuireann síos ar an méid ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire a léiriú

An ‘Foghlaimíonn an Scoláire faoi’

An méid a bheidh ar eolas ag an bhfoghlaimeoir agus a thuigfidh siad

Soiléireacht agus Comhleanúnachas na Foghlama

Oide

Éifeachtaí próiseála:

- Aisfhuaimniú
- Peanáil
- Moilliú
- Saobhadh
- Curfá
- Cothromú
- Comhbhrú
- Uathoibriú

1.10. Éifeachtaí próiseála i gceol beo agus ceol taifeadta a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu trí chluasbhraistint.

1.11. Éifeachtaí próiseála a chur i bhfeidhm ar cheol úrnua nó taifeadtaí agus tionchar na n-éifeachtaí a úsáideadh a mheas



Aguisín 2: Gluais Téarmaí

Téarma	Léirmhíniú
Aireachtáil amhairc	Áirítear leis sin an cumas léirmhínithe agus tuisceana de réir an mhéid is féidir a fheiceáil.
Aisfhotha	Fuaim ardairde a tharlaíonn nuair a fhaigheann micreafón nó uirlis a chuid aschuir aimplithe féin agus athaimplítear é.
Aisfhuaimniú	Éifeacht phróiseála ina dtugtar imprisean spáis nó timpeallachta de bharr fhrithchaitheamh cumaiscthe na bhfuaimeanna ó dhromchlaí. Is féidir é sin a bhaint amach ar bhealach nádúrtha nó digiteach.
Aithris	Athchasadh de smaoineamh nó móitif cHeoil i nguth nó i bpáirt éagsúil, rud a chruthaíonn téagar.
Cluasbhraistint	Áirítear leis sin an cumas léirmhínithe agus tuisceana bunaithe ar an méid is féidir a chloisteáil.
Cóiriú focal	An chaoi a meaitseáiltear na liricí nó an téacs le ceol i bpíosaí gutha.
Comhbhrú	Éifeacht phróiseála a úsáidtear i measc ath nó taifeadadh ina laghdaítear réimse dinimiciúil fuaime nuair a sháraíonn sé leibhéal tairsí socraithe.
Cothromaíocht	Dinimic choibhneasta na bhfuaimeanna i bpíosa ceoil.
Cothromú (EQ)	Éifeacht phróiseála inar féidir na miniciochtaí sonracha a mhéadú nó a laghdú gan éifeacht a bheith ann ar an gcuid eile den fhuaim.
Cultúr	Smaointe, gnásanna, cleachtais, traidisiúin, luachanna agus iompraíocht shóisialta daoine nó sochaí faoi leith.
Curfá (éifeacht phróiseála)	Éifeacht phróiseála a chruthaíonn cóipeanna den fhuaim bhunaidh, a athraíonn an tuinairde agus an t-uainiú de bheagán, agus a mheascann ar ais isteach leis an bhfuaim bhunaidh iad.
Deaslámhacht theicniúil	Scil agus smacht taibheora agus éilimh fhisiciúla a n-uirlise nó a ngutha á gcomhlíonadh.
Éifeachtaí próiseála	Sraith oibríochtaí meicniúla nó teicneolaíocha ar phróiseas taifeadta trína modhnaítear an fhuaim bhunaidh a cuireadh isteach.
Focaldathú	Nuair a léiríonn ceol brí litriúil na liricí.
Foinse fuaime	An meán ina gcruthaítear fuaim (m.sh. ar uirlis, trí ghuth a úsáid, rud sa timpeallacht, gléas leictreonach).
Frithshéis	Líne shéiseach a chloistear taobh leis an bpríomhshéis i bpíosa ceoil.
Gléasanna cumadóireachta	Teicnící, modhanna nó uirlisí ar bhain cumadóir úsáid astu chun a gcuid ceoil a chruthú, a athrú, a fhorbairt agus cruth a chur air
Gnéithe	Buille, fad, luas, tuinairde, dinimic, tondath, téagar, struchtúr, stíl, tonúlacht agus ionstraimiú.
Leitmóitif	Smaoineamh ceoil atá athfhillteach – amhail séis, rithim nó armóin – a bhaineann le carachtar, áit, mothúchán nó coincheap ar leith i bpíosa ceoil, go háirithe i gceoldrámaí, scóir scannáin agus i saothair chláir.
Lúb	Cuid ghearr de cheol nó sampla a athchastar go leanúnach. Is coitianta go n-úsáidtear sa cheol digiteach agus leictreonach é.
Macalla	Dúbláil shainiúil fuaime a laghdaítear le himeacht ama.
Meáin	Na hardáin agus na formáidí éagsúla ar a n-úsáidtear an ceol ar bhealach fiúntach chun feabhas a chur ar scéalaíocht, insint, atmaisféar, giúmar nó brí. Áirítear scannán, ábhar fuaime agus closamhairc, amharclannaíocht cheoil, físchluichí agus ceol teagmhasach i measc na meán.
Modhnú	An próiseas d'athrú ó ghléas amháin go ceann eile laistigh de phíosa ceoil.
Moilliú	Éifeacht phróiseála ina seinntear an fhuaim bhunaidh arís ag eatramh ama socraithe. Is iondúil go mbíonn laghdú ar an bhfuaim gach uair a sheinntear arís í.
Móitif	Smaoineamh ceoil i bpíosa ceoil.
Ostinato	Patrún a sheinntear arís agus arís eile a bhíonn rithimeach, séiseach nó armónach agus a choimeádtar i bpíosa ceoil go leanúnach.
Peanáil	Socrú na fuaime sa réimse steiréó.
Réimniú cordaí	Sraith cordaí ag fuaimniú ceann i ndiaidh a chéile chun mír armónach a chruthú.
Saobhadh	Éifeacht phróiseála trína ndéantar an fuaimchomhartha a leasú ach an neartú a mhéadú níos mó ná uasteorainn, rud a bhíonn ina chúis le ciorrú, agus bíonn cáilíocht toin ghéar ghreannach mar thoradh air sin.
Seicheamh	Móitif shéiseach, rithimeach nó armónach nó mír a athchastar ar thuinairde níos airde nó níos ísle.
Siombalachas	Úsáid gnéithe ceoil chun smaointe, mothúcháin, carachtair nó téamaí a léiriú.
Spreagthach	Rud éigin a spreagann scoláirí chun smaoineamh ceoil a chruthú; is féidir na nithe seo a leanas a chuimsiú le spreagthach: giúmar, imeacht, scannáin agus teilifís, eispéireas pearsanta, píosa ceoil, ceol dualgais, téacs nó áit.
Stíl	Cineál nó seánra ceoil a bhfuil gnéithe sonracha, foirm agus struchtúr sonrach, nó úsáid thipiciúil eilimintí ceoil agus gléasanna cumadóireachta ina gcomharthaí sóirt aige.
Taibhiú ceoil beo	Taibhiú ceoil i bhfíor-am i suíomh fisiciúil.
Téagar	An chaoi a n-idirghníomhaíonn sraitheanna fuaimeanna laistigh de phíosa ceoil.
Teicnící léiritheacha	Na bealaí a gcuireann taibheoirí agus cumadóirí cruth ar fhuaim chun mothúchán, giúmar agus carachtar a chur in iúl trí mheán an cheoil.
Tobchumadh	Cruthú ceoil gan choinne, ar minic a bhíonn sé bunaithe ar phíosaí séiseacha, rithimeacha nó armónacha nó patrúin chorda atá ann cheana.
Tondath	Cáilíocht toin nó fuaime faoi leith uirlise nó gutha, nó bailiúcháin uirlisí agus guthanna.
Uathoibriú Éifeachta	An próiseas a bhaineann le hathruithe ar éifeachtaí fuaime a rialú le himeacht ama laistigh de stáisiún oibre fuaime digiti (DAW).

Aguisín 1: Briathra Gnímh

Briathar gnímh	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí
Ceap	rud éigin a phleanáil, tuilleadh sonraí a thabhairt faoi nó a cheapadh ó phrionsabail nó smaointe atá ann cheana.
Cleacht	cleachtadh a dhéanamh ar dhráma, píosa ceoil, nó saothar eile do thaibhiú.
Comhoibrigh	bheith ag obair lena chéile nó in éineacht le daoine eile ar ghníomhaíocht nó ar thionscadal.
Cosain	cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid.
Cruthaigh	rud a thabhairt chun bheith; tabhairt ar rud éigin tarlú de bharr gníomhaíochtaí duine.
Cuir i bhfeidhm	faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú.
Cuir i láthair	rud a thabhairt leat, a thairiscint nó a thabhairt ar bhealach foirmiúil; rud a thabhairt roimh fhóram poiblí nó i láthair fóram poiblí.
Cuir síos	cuntas mionsonraithe a thabhairt ar phríomhphointí na topaice, ag baint úsáid as focail, léaráidí agus/nó íomhánna.
Cur síos/míniú gairid	ráiteas gearr a thabhairt ar na príomhphointí amháin.
Déan taighde	fiosrú sonrach a dhéanamh, ach fianaise a bhailiú, a eagrú agus a anailísiú d'fhonn teacht ar chonclúidí.
Fiosraigh	dlúthbhreathnú go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh.
Freagair	rud éigin a fhreagairt nó freagra a thabhairt air, ar iondúil go mbíonn sé in óráid, i scríbhinn nó i ngníomh.
Léirigh	líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos a dhéanamh ar rud éigin.
Machnaigh	breithniú meabhraitheach a dhéanamh ar ghníomhartha, eispéiris, luachanna agus léann d'fhonn léargais nua a fháil agus brí a bhaint astu.
Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)	fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna.
Measúnaigh (sonraí/faisnéis)	sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna.
Mínigh	mionchuntas a thabhairt arna thacú le fáthanna nó cúiseanna.
Oiriúnaigh	rud éigin a dhéanamh feiliúnach do bhail, úsáid nó cuspóir nua.
Pléigh	athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, peirspictíochtaí, tosca nó hipitéisí, atá bunaithe ar fhianaise chuí.
Sainaithin	patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair.
Soláthair	sonraí, obair nó cáipéisíocht a thacaíonn le tátail nó le conclúidí a chur ar fáil.
Tabhair breac-chuntas	na príomhphointí a thabhairt, gan ach na píosaí faisnéise riachtanacha a thabhairt.
Tabhair breithmheas	píosa saothair nó téacs a mheasúnú, a bhreith nó a mheas.
Taibhigh	céim sa phróiseas ceoil ina gcuirtear smaointe ceoil in iúl d'éisteoir agus roinntear leo iad.
Taispeáin	rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil.
Tobchum	ceol a chruthú agus a thaibhiú gan réamhsmaoineamh nó nár ullmhaíodh dó roimhe sin; rud a léiriú nó a dhéanamh as cibé rud atá ar fáil.
Tras-scríobh	an méid a chloistear a scríobh amach.
Úsáid	eolas, scileanna nó rialacha a chur i bhfeidhm chun iad a chur i ngníomh.

Pleanáil don Foghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnú



Planning is the <u>hard thinking</u> teachers need to do in order to design quality opportunities for student learning

…Absolum, M. (2010), *Clarity in the Classroom*, lth.179

Pleanáil don Fhoghlaim



Conas a phleanálann do rannóg ó thaobh na 5ú & 6ú Bliain de faoi láthair?

Cad iad na dea-chleachtais is féidir a aistriú ó phleanáil ag Leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus na hIdirbhliana?



Nithe le Cur san Áireamh ag Rannóga

Oide



Leidcheisteanna Pleanála Ceoil

Oide

TÁBHAIR FAOI DÉARA: *Ní liosta saintreorach nó uileghabhálach é seo – cuir do cheisteanna féin*

COMHRÁITE RANNÓIGE

COMHTHÉACS

- Cé hiad mo scoláirí? / Cad iad a suimeanna ceoil / ábhair spéise cheoil? / Cad iad na huirlisí a sheinneann siad?
- Cad iad na straitéisí ionchuimsitheacha, más ann dóibh, is fiú a chur san áireamh do na scoláirí sin, i.e., BTB, AEN srl
- Má bhaineann le hábhar, cad é an VLE i.e OneNote, Teams, nó VLE eile nach iad, a d'fhéadfadh foghlaim an scoláire a éascú?
- Cé na himeachtaí a bhaineann le treoir is féidir tacú le forbairt ghairme, oideachaisiúil, shóisialta, is phearsanta an scoláire?

RÉAMHFHOGHLAIM

- Cad é an curaclam ceoil, más ann dó, a raibh taithí ag scoláirí air? Cá bhfuil siad ina gcuid foghlama?/ Cad é atá ar eolas acu cheana féin?/ Cad iad na mithuiscintí atá ann?

FÓCAS AR NA TORTHAÍ FOGHLAMA

- Cad iad na torthaí foghlama a d'fhéadfadh nascadh le chéile go fiúntach chun tógáil ar réamhfhoghlaim scoláire?
- Cad iad na codanna den toradh foghlama a ndíreodh an t-aonad seo orthu?

FOGHLAIM ATÁ BEARTAITHE - Cad é a bheidh i gceist leis an bhfoghlaim

- Cad í an phríomhfhoghlaim a ba mhaith liom a bheith ar eolas ag scoláirí ag deireadh an aonaid seo?
- Cad iad na mithuiscintí is dócha a tharlóidh?
- Cén réamhfhoghlaim a gcuirfidh an fhoghlaim seo léi?
- Cén téarmaí ceoil /litearthacht cheoil ar chóir do scoláirí éirí líofa iontu?
- Cad iad na scileanna ceoil a dtógfaidh scoláirí orthu tríd an aonad foghlama seo?

FIANAISE AR FHOGHLAIM - Conas a bheidh A FHIOS agam go bhfuil an fhoghlaim déanta

Mar shampla: obair ranga, obair bhaile, MRB/CMB, aiseolas, tástáil, breathnóireacht, ceistiú, tionscadail, machnamh…

- Cad iad na straitéisí measúnaithe nach mór dom a chur san áireamh?
- Cén réimse fianaise a ghabhálfaidh/a bhaileoidh mé? D'fhéadfaí fianaise a fháil ón méid a Déarfaidh, a Sheinnfidh, a Scríobhfaidh nó a Dhéanfaidh scoláirí! Braitheann an réimse fianaise ar fhócas an aonaid
- Conas a ghabhfaidh mé/a bhaileoidh mé an fhianaise seo ar an bhfoghlaim?
- An bhfuil na tascanna/deiseanna seo ag teacht leis na hintinní foghlama agus leis na torthaí foghlama?
- Cad iad na tascanna/deiseanna ar leith a bheas ag teastáil ó scoláirí chun machnamh a dhéanamh?
- Cad iad na tascanna/deiseanna ar leith a chuirfidh ar chumas na scoláirí tógáil ar an tuiscint atá acu cheana féin chun tuiscint nua a chruthú?

EISPÉIRIS FOGHLAMA - Tarlóidh an fhoghlaim seo TRÍ…

- Cad iad na gníomhaíochtaí ranga agus na hacmhainní a chabhróidh leis na scoláirí agus a chuirfidh ar chumas na scoláirí dul i gceann na foghlama?
- Cad iad na príomhscileanna/príomhinniúlachtaí a musclaíodh de bharr dhearadh na ngníomhaíochtaí seomra ranga sin?
- Cad iad na modheolaíochtaí a bheidh in úsáid agam? Conas a d'fhéadfadh TFD í a bheith ina gcabhair?
- Cad iad na straitéisí measúnaithe fhoirmithigh a chuirfidh mé san áireamh? An bhfuil nasc idir an measúnú foirmitheach agus na critéir ratha?
- Conas a thug mé isteach éisteacht, cumadh, agus taispeántas sna gníomhaíochtaí sin?
- Conas a d'fhéadfadh na gníomhaíochtaí seo tógáil ar reamhfhoghlaim agus foghlaim nua a chruthú?

INTINNÍ FOGHLAMA – An Fhoghlaim a Shoiléiriú

- An bhfuil na hintinní foghlama oiriúnach do scoláirí?
- An bhfuil nasc idir na hintinní foghlama agus na torthaí foghlama atá roghnaithe?

CRITÉIR RATHA – Caighdeán na Foghlama a Shocrú

- Conas a bheidh na scoláirí páirteach i gcomhchruthú na critéir ratha?
- An bhfuil nasc idir na critéir ratha agus na torthaí foghlama atá roghnaithe?

MACHNAMH AGUS GNÍOMH

- **Cad FAOI** a raibh an fhoghlaim? Mar sin, **CÉN** fhoghlaim a bhí ar siúl? Anois, **CAD** iad na céad céimeanna eile?
- Conas a d'fhéadfadh an machnamh seo tionchar a imirt ar mo chleachtas féin agus/nó bonn eolais a chur faoi mo chuid pleanála amach anseo?

AONAIR

ACMHAINNÍ / TACAÍOCHTAÍ

- Aithin na suíomhanna gréasáin TFD, rianta fuaime, scóir, bileoga saothair, agus/nó ábhair a úsáidfear san aonad seo.

oide.ie eolas@oide.ie


Conas a d'fhéadfadh na leideanna pleanála sin cabhrú le do rannóg ceoil cur le do chleachtais phleanála reatha?

Sainaithin agus Socraigh ar 2-3 cheist a fhiosróidh do rannóg fiosrú air le chéile go ceann na 5-6 seachtaine eile



Dhá Shnáithe atá Ceangailte le Chéile

Oide




Tá an fhoghlaim ón dá shnáithe comhthreisithe.

Dhá Shnáithe atá Ceangailte le Chéile... ba cheart go ndéanfaí staidéar orthu ag an am céanna seachas astu féin nó in ord líneach.

Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta(2026), lch13

Cur Chuige Neamhlíneach?



- Tá an fhoghlaim thar ilréimsí
- Solúbtha agus atriallach
- A Dhaingníonn an fhoghlaim
- Cá dtosóimid?
- Múineadh Freagrúil
- Cur chuige neamhlíneach i leith an mheasúnaithe

Cur Chuige Neamhlíeach

Oide

Snáithe: Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl
Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

1.1 Na scileanna taibhithe atá riachtanach chun ceol a chur in iúl go héifeachtach a phlé.

1.2 Réimse de scil

1.3 Líne aonair shé ghuthanna.

1.4 Tobchumadh c

1.5 Ceol nach bhfu chluasbhraistin

1.6 Líne aonair shé foirme damhsa

1.7 Tionlacan le lín

1.8 Réimse teicníc dhigiteach, chu agus a chomhr

1.9 Cleachtadh agu

1.10 Éifeachtaí próis cur síos a dhéa

1.11 Éifeachtaí próis tionchar na n-é

1.12 Cur síos achom a gcuid roghanna cumadóireachta cruthaitheacha a chosaint.

1.13 Céard is cóipcheart ann agus an chúis a bhfuil sé tábhachtach i dtionscal an cheoil a mhíniú.

1.14 Na céimeanna atá riachtanach chun cóipcheart a fháil ar cheol úrnua a leagan amach.

Snáithe: Ceol i gComhthéacs:
San am a caitheadh agus san am i láthair
Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

2.1 Éisteacht leis an gceol, breithmheas agus freagra a thabhairt air trí úsáid

sé a fhiosrú.

Ghaelaigh a

ol Traidisiúnta rt.

shainaithint

maisféar atá s a thaibhiú.

gra ar ábhar

beo agus

taí ceoil atá ar

himeacht pobail áirt.

réimnithe

cordaí, trí chluasbhraistint.

2.12 Cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndearna obair ceoltóirí agus cumadóirí eile eolas do smaointe ceoil an scoláire agus an chaoi a raibh tionchar aici orthu.


2.13 Comhoibriú le daoine eile chun sliocht de phíosa ceoil nó d'amhrán atá ann cheana féin a oiriúnú agus a thaibhiú.

Roghnaigh toradh foghlama amháin go randamach.

Cén fhoghlaim atá i gcroílár an toraidh foghlama atá roghnaithe agat?

Déan an fhoghlaim a nascadh le 2–3 thoradh foghlama eile as an dá shnáithe.

An Foghlaim a Mhapáil



CEOL

Pleanáil le haghaigh fhoghlaim an Scoláire

sa Seomra Ranga Ceoil na hArdteistiméireachta

Oide

Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl

Cruthú agus Iniúchadh

Taibhiú agus Déanamh Ceoil

Éisteacht, Tabhairt Breithmheasa agus Freagairt

Ceol i gComhthéacs: San am a caitheadh agus san am i láthair

COMHTHÉACS AN SCOLÁIRE

CAD AIR A MBEIDH AN FHOGHLAIM?

CÁ BHFIOS DOM GUR THARLA AN FHOGHLAIM?

CAD IAD NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ ANN CHUN AN FHOGHLAIM A SCAFFÁIL?

CAD É AN T-EISPÉARAS A BHEIDH AG FOGHLAIMEOIRÍ AR AN BHFOGHLAIM?

Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:
Scileanna taispeántais lena n-áirítear: • cruinneas agus comhsheasmhacht lúnáirde • cruinneas agus comhsheasmhacht rithimeach • luas cúil • deaslámhacht theicniúil • smacht ar urlús agus/nó guth • líofacht • taitneamh • teicníocl léirtheacha agus fuaimniú • an chaoi le taibhiú le tionlacan • an chaoi le cur le taithí ar bhealach fiúntach agus ceolmhar • an chaoi le cothromaíocht, cumasc agus túnáil a choinneáil • cumarsáid agus téirmiúlacht ceoil le tuiscint chuí ar an stíl roghnaithe • an chaoi le machnamh a dhéanamh ar thaibhiú agus é a bheachtú	**1.1 Na scileanna taibhithe atá riachtanach chun ceol a chur in iúl go héifeachtach a phlé.** **1.2 Réimse de scileanna taibhithe cuí a thaispeáint.**
An chaoi le líne aonair shéise a chur le chéile d'urlúi agus do ghuthanna: • in amchomharthaí simplí agus in amchomharthaí comhshuite • i mórghléasanna agus i mionghléasanna • d'urlúi agus cineálacha guthа éagsúla • úsáid a bhaint as réimse cuí agus cumas na n-urlúi agus na nguthanna • úsáid a bhaint as córa/pléintéil focal chuí • le teicníocl taibhithe agus léirtheacha na bhreis • a bhfuil modhnú san áireamh leis • úsáid a bhaint as cleithmodaireacht agus formáidí nodaireachta digiteacha • úsáid a bhaint as struchtúir agus foirmeacha bunaithe • úsáid a bhaint as pléasanna cumaidhiseachta ó cheol dualgais agus ceol neamhdhualgais	**1.3 Líne aonair shéise a chruthú agus a thaibhiú d'urlúi agus do ghuthanna.**
An chaoi le tobchumadh trí úsáid a bhaint as guthjanna) agusnó urlú(i) agusnó cnagcheol colainne agus/nó foinsí fuaime eile. An chaoi le piosaí gearra rithimeacha, séiseacha, armónacha, nó patrúin chorda a fhorbairt chun smaointe ceoil a chruthú.	**1.4 Tobchumadh chun smaointe gearra ceoil a chruthú.**
An chaoi le mireanna rithimeacha, séiseacha agus armónacha agus patrúin chorda nach bhfuil cuirt, amach acu orthu a thaibhiú: • in amchomharthaí simplí agus comhshuite • i mórghléasanna agus i mionghléasanna • le teicníocl taibhithe agus léirtheacha	**1.5 Ceol nach bhfuil cur amach acu air a thaibhiú ar a fheiceáil agus trí chluasbhraistint.**
Líne aonair shéise a scríobh i stíl na ndamhsaí Traidisiúnta Gaelacha: • Ról • Port dúbailte • Port tuaiscigh	**1.6 Líne aonair shéise a chruthú agus a thaibhiú i stíl rithime, méadair nó foirme damhsa thraidisiúnta Ghaeleigh áirithe.**
Tionlacan a chur le líne aonair shéise ag teacht le stíl an cheoil, lena n-áirítear: • tionlacan rithimeach • Ostinato • seicheamh • aithriú/athshéis • guthanna tacaíochta • dordlíne • cordaí oirlíonacha • stíleanna tionlacain a úsáidtear i gceol dualgais	**1.7 Tionlacan le líne aonair shéise a chruthú agus a thaibhiú.**
An chaoi ar féidir an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ceol a chruthú, a chur in eagar, a thaifeadadh, a chomhroinnt agus a athsheinm, lena n-áirítear: • fuaimiúlais/guthanna a thaifeadadh • tabhlaí beo ar urlúis/guthanna • dálaí oirlíonacha le gur féidir ceol a thaifeadadh go héifeachtach • tuiscint ar chineálacha microfón agus sonrú micreafón • aisfhotha agus an chaoi le cosc a chur air • fuaimeanna a simpliú/dáil • fuaimeanna a ionchur • nan(bb) a chur le chéile • eagarthóireacht a dhéanamh ar thuaim: fuaimeanna a ghearradh, a bhogadh, a lúbadh agus a chóigeartú chun an rian a fhaibhiú • fuaimeanna a aimsiú agus a iompórtáil, lena n-áirítear samplaí agus lúba. • úsáid fhreagrach a bhaint as samplaí agus ceadanna • leibhéil airde, cothromú (EQ) agus comhphárteanna cothromóchán a chóigeartú • ceol a easpóirtáil agus a chomhroinnt i bhformáidí dhigiteach	**1.8 Réimse teicníocl a thaispeáint, trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach, chun píosa ceoil a chruthú, a chur in eagar, a thaifeadadh agus a chomhroinnt.** **1.9 Cleachtadh agus taibhiú de réir fuaimrian taca.**
Éifeachtaí próiseála: • Aisfhuaimniú • Pearáil • Moilliú • Sadhnadh • Curtáil • Cothromú • Combhrú • Uathoibriú	**1.10 Éifeachtaí próiseála i gceol beo agus ceol taifeadta a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu trí chluasbhraistint.** **1.11 Éifeachtaí próiseála a chur i bhfeidhm ar cheol úrnua nó taifeadtaí agus tionchar na n-éifeachtaí a úsáideadh a mheas.**
Úsáid a bhaint as leanga an cheoil chun a gcuid cinnlí cumadóireachta cruthaitheacha a chosaint:	**1.12 Cur síos achomair a dhéanamh ar ról an cheoil a chruthaíonn siad agus a gcuid roghanna cumadóireachta cruthaitheacha a chosaint.**
Cóipcheart ceoil agus an chaoi a mbaineann sé le comhroinnt agus foilsiú ceoil: • Céard is cóipcheart ann • Céard é a chosnaíonn/nach gcosnaíonn cóipcheart • Cearta taibhithe • Ceol agus cearta atáirgthe • Fearann poiblí • Eagraíochtaí gairmiúla in Éirinn a bhainistíonn cóipcheart do cheoltóirí • Sruthanna ioncaim do cheoltóirí agus deachtanna • Sárú cóipchirt	**1.13 Céard is cóipcheart ann agus an chúis a bhfuil sé tábhachtach i dtionscal an cheoil a mhíniú.** **1.14 Ka céimeanna atá riachtanach chun cóipcheart a fháil ar cheol úrnua a leagan amach.**

Ceol i gComhthéacs: San am a caitheadh agus san am i láthair

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:
Freagra solfaighthe agus eolach ar phíosa ceoil a chur i láthair. Úsáid a bhaint as leanga an cheoil chun breithmheas agullmeagra a thabhairt ar an gceol. An chaoi le breithmheas agus freagra a thabhairt ar aigead, agus é a chur i gcomparáid trí chluasbhraistint agusaireachtáil amháin: • gnéithe stíleacha • teicníocl cumadóireachta • urlúsí agus teicníocl urlúsa • guthanna agus teicníocl gutha • teicníocl taibhithe An chaoi le tacaíocht a thabhairt dá bhfreagraí le fianaise agus tagairt don cheol.	**2.1 Éisteacht leis an gceol, breithmheas agus freagra a thabhairt air trí úsáid a bhaint as teanga chuí an cheoil.**
An caidreamh atá idir ceol agus an comhthéacs ina bhfuil sé, lena n-áirítear: • comhthéacsanna staidéala, pearsanta, polaitiúla, sóisíalta agus cultúrtha, de réir mar is cuí • gnéithe stíleacha den cheol • stíleanna a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumadóirí/chóirithteoirí/thaibheoirí	**2.2 An caidreamh atá idir ceol agus an comhthéacs ina bhfuil sé a fhiosrú.**
Príomhthréithe agus saingnéithe an damhsa, an cheoil agus na hamhránaíochta traidisiúnta Gaelaí trí chluasbhraistint agus aireachtáil amháin; Tá an méid seo a leanas i gceist leis sin: • gnéithe stíleacha • urlúsí agus teicníocl urlúsa • teicníocl gutha • gnéithe rithimeacha, séiseacha agus armónacha Comhthéacsanna staidéala, pearsanta, polaitiúla, sóisíalta agus cultúrtha, de réir mar is cuí. An chaoi a bhfuil ceangail idir damhsa, ceol agus amhránaíocht thraidisiúnta Ghaelach agus ceol eile. Amhránaíocht Thraidisiúnta Ghaelach: • Sean-nós • Amhrán líne na hEireann Cineálacha damhsa atá le fiosrú: • Ról • Port dúbailte • Port tuaiscigh • Port aonair • Comhphlopa • Mármedál • Polca	**2.3 Príomhthréithe agus saingnéithe an Cheoil Thraidisiúnta Ghaeilgigh a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu.** **2.4 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn tionchar ar Cheol Traidisiúnta Gaelach ag cineálacha eile ceoil agus an bealach eile thart.**
Cuspóir an cheoil sna meáin, lena n-áirítear: • chun mothú, gníomar nó mothúchán a chur in iúl • chun scéal a insint • tábhachtí chultúrtha • cuspóir sóisíalta agusnó polaitiúil • úsáid leithreasóirí • úsáid siombalachais Meáin atá le fiosrú: • Scannán agus teilifíseAmharclannaíocht cheoil • Físchluichí • Ceol leagtha/saoch	**2.5 Ról agus cuspóir an cheoil i gcineálacha éagsúla meán a shainaithint agus a fhiosrú.** **2.6 Píosa gearr ceoil úrnua a léiríonn carachtar, gníomar nó atmaitéar atá oiriúnach le húsáid i gcomhthéacs na meán a chruthú agus a thaibhiú.**
Spreagthagh a úsáidtear chun freagra ceolmhar a spreagadh, lena n-áirítear: • sadhar eolaíne • gníomar • imeacht • scannán agus teilifís • eispéireas pearsanta • píosa ceoil • ceol dualgais • téacs • áit An chaoi le smaointe séiseacha, rithimeacha agus armónacha a chruthú agus a thaibhiú mar fhreagra ar ábhar spreagthagh.	**2.7 Smaointe ceoil úrnua a chruthú agus a thaibhiú mar fhreagra ar ábhar spreagthagh.**
Údar mhachnamh nuair atá critic á déanamh ar thaibhiú ceoil lena n-áirítear: • cruinneas ceoil • deaslámhacht theicniúil • léiriú agus léirmhíniú an cheoil • tiondath • ensemble agus cothromaíocht • cumarsáid ceoil le lucht éisteachta • stíl cheoil • ionstraimiú • gnéithe teicneolaíochta de thaibhiú nó úsáid na teicneolaíochta i dtaibhiú, i gcaighdeán rithmeach • comhthéacsanna staidéala, pearsanta, polaitiúla, sóisíalta agus cultúrtha, de réir mar is cuí	**2.8 Critéir a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun taibhithe beo agus taifeadta a mheas**
Gníomhaíochtaí ceoil ina bpobal áitiúil/pobal na scoile agus na háiteanna ina mbíonn gníomhaíochtaí/imeachtaí ceoil ar siúl. Ceoltóir(í) nó grúpaí áitiúla de stíl ar bith a chruthaíonn agusnó a thaibhíonn sa phobal áitiúil/i bpobal na scoile.	**2.9 Taighde agus fiosrúchán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí/imeachtaí ceoil atá ar fáil sa phobal áitiúil.** **2.10 Plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil an ceol tar éis cur le himeacht pobail áitiúil ar threoshtil an scoláire air agusnó inar ghlac siad páirt.**
• An chaoi le mireanna rithimeacha a nótáil suas le ceithre bharra • An chaoi le mireanna séiseacha a nótáil suas le ceithre bharra • An chaoi le réimnithe collánta cordaí a shainaithint agus a thabhairt le fios • An chaoi le dúnadh a shainaithint agus a thabhairt le fios	**2.11 Tras-scríobh mireanna rithimeacha agus séiseacha, agus réimnithe cordaí, trí chluasbhraistint.**
An tionchar a bhíonn ag • stíleanna ceoil agusnó • ceoltóirí agus cumadóirí ar an gcaoi a chruthaíonn an scoláire. An chaoi le tionchair cheoil a shainaithint agus a aithint.	**2.12 Cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndearna obair ceoltóirí agus cumadóirí eile eolas do smaointe ceoil an scoláire agus an chaoi a raibh tionchar aici orthu.**
An chaoi le gnéithe ceoil i bpíosa ceoil nó amhráin atá ann cheana a oiriúnú lena n-áirítear: • smaointe séiseacha, rithimeacha agus armónacha • struchtúir thunaithe • luas • amchomhartha • tonalacht • tunaemóin An tionchar a bhaineann le déanamh athruithe ar phíosa ceoil.	**2.13 Comhoibriú le daoine eile chun sliocht de phíosa ceoil nó d'amhrán atá ann cheana féin a oiriúnú agus a thaibhiú.**

oide.ie/ga/iar-bhunscoil/baile/ceol/

Arna fhoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Óige, Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta, Meán Fómhair 2026, lgh 16–23

Conas a d'fhéadfaí dul chun cinn a dhéanamh ar d'aonad foghlama agus a athbreithniú a dhéanamh air le himeacht ama chun gur féidir le scoláirí tuiscint níos doimhne a fhorbairt?

Pleanáil Múinteoirí Aonair


Oide

1. An mbíonn na hintinní foghlama ag ailínú leis na torthaí foghlama?


2. An mbíonn an tasc ag ailíniú leis na hintinní foghlama?

3. An mbíonn na Critéir Ratha nasctha leis na hintinní foghlama agus an tasc?





Cleachtas Comhoibríoch na Múinteoirí



Déanann múinteoirí ceachtanna a phleanáil le chéile, roinneann siad acmhainní lena chéile agus déanann siad machnamh ar straitéisí teagaisc agus foghlama go rialta. Tá an comhoibriú láidir sin le feiceáil go soiléir i gcáilíocht chomhsheasmhach an teagaisc agus na foghlama sna ranganna agus bliainghrúpaí éagsúla

Ag Breathnú ar Cheol (2025), lch 11

Comhoibriú: Fócas ar Phleanáil




- Mí Feabhra 2027 Comhráite Pleanála Náisiúnta
- Mí Bealtaine 2027 Comhráite Pleanála Reigiúnacha
- An bhfuil d’áit curtha in áirithe?

Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí i gCeol na hArdteisiméireachta

Oide

Roimh an gCeardlann				I ndiaidh na Ceadrdlainne		
FÍOR	BRÉAG-ACH	Níl a fhios agam	Réamhchleachtadh	FÍOR	BRÉAG-ACH	Níl a fhios agam
			Tá Snáithe 1 le múineadh sa 5ú bliain agus Snáithe 2 sa 6ú bliain.		✓	
			Tá na Príomhinniúlachtaí comhtháite thar na codanna a bhaineann leis an réasúnaíocht, cuspóirí, torthaí foghlama agus measúnú sa tsonraíocht.	✓		
			Baineadh an teicneolaíocht ón Scrúdúchán Praiticiúil.		✓	
			Cuirtear na próiseas foghlama is teagaisc chun cinn leis na 27 dToradh Foghlama a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna, agus meonta scoláirí de réir a chéile i gcaitheamh an dá bhliain.	✓		
			Tá a rogha ag scoláirí sa Scrúdúchán Praiticiúil idir an taispeántas aonréid agus taispeántas i ngrúpa		✓	
			Ní chaithfidh scoláirí ach 25 uair an chloig ar an gComhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB).		✓	
			I dteannta leis an liosta ceoil atá leagtha amach dóibh, beidh scoláirí páirteach i gceol eile sa seomra ranga, rud a thabharfaidh blaiseadh de stíleanna, cineálacha, agus seánraí ceoil eile dóibh, agus beidh páirteach i gceol atá ag teacht le suimeanna na scoláirí féin	✓		

Ag foghlaim le chéile...



- Tá Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta feicthe again.
- Chuireamar lenár dtuiscint ar na Snáitheanna, Modhanna Rannpháirtíochta, agus na Torthaí Foghlama.
- Rinneamar plé ar na gnéithe pleanála le haghaidh na foghlama, teagaisc, agus measúnaithe éifeachtaigh.

Tuilleadh Tacaí

Oide

CNCM Athfhorbairt
na Sraithe Sinsearaí
Ceol

Suíomh Gréasáin Oide
Ceol na Sraithe
Sinsearaí

Curaclam
ar Líne

For all queries
contact
eolas@oide.ie

ROÓ Athfhorbairt
na Sraithe Sinsearaí

CSS Athfhorbairt
na Sraithe Sinsearaí

Déan
teagmháil linn
eolas@oide.ie

Liosta Tagairtí

- Absolum, M. (2010) *Clarity in the Classroom.* Winnipeg: Portage & Main Press.
- Begley, C. (2022) *To War (Jig).* Ar fáil: https://cormacbegley.bandcamp.com/track/to-war-jig
- Other Voices (2023). *Chun Cogaidh/To War.* Ar fáil: https://www.youtube.com/watch?v=t4sf4RpVsYw
- An Roinn Oideachais agus Óige (2025), *Ag Breathnú ar Cheol: Dréacht-Treoir d'Iar-Bhunscoileanna*
- Shaw, Robert/Atlanta Symphony Orchestra & Chorus (1987), 'Libera me', *Requiem Op. 48.* Ar fáil: https://www.youtube.com/watch?v=JVDRkW_PUtU
- Langford, Emma (2020), *Birdsong.* Ar fáil: https://www.youtube.com/watch?v=HwcAzf9GUDo
- Jenö Jandó, Andras Ligeti & Concentus Hungaricus Orchestra (2016), *Piano Concerto no 21.* Ar fáil: https://www.youtube.com/watch?v=crNMS82-xIg
- CNCM (2026) *Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta*
- CNCM (2024) *Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach*
- CNCM (2022) *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach*
- CNCM (2023) *Foirm theicniciúil sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil i Sraith Shinsearach athfhorbartha*

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Go raibh maith agaibh as bhur rannpháirtíocht!

EFG 2026-2027

CC BY NC